—1989—

# An Bheatha agus an Saothar

Seán Ó Coileáin

(Cathaoirleach: Pádraig A. Breatnach)

Dúirt Oscar Wilde uair amháin, nó deir Richard Ellman go ndúirt, go mbíonn a chuid féin deisceabal ag gach duine mór le rá ach gurb é Iúdás a scríobhann an bheathaisnéis.[1] Pé acu a dúirt nó ná dúirt, is mó scríbhneoir, ó Henry James go dtí J. D. Salinger, a aontódh leis an gcaint sin. Mar seo a chuir W.H. Auden é:

> If the Muses could lobby for their interest, all biographical research into the lives of artists would probably be prohibited by law, and historians of the individual would have to confine themselves to those who act but do not make—generals, criminals, eccentrics, courtesans and the like, about whom information is not only more interesting but less misleading.… A great deal of what today passes for scholarly research is an activity no different from reading somebody's correspondence when he is out of the room, and it doesn't make it morally any better if he is out of the room because he is in his grave.[2]

Ní foláir nó bhí an focal Gréigise *poiētēs* ina cheann ag Auden nuair a dhein sé an t-idirdhealú san idir 'those who act' agus '[those who] make'. Tá fhios againn cé hiad na 'makers' mar a bhí a fhios ag Dunbar nuair a chaoin sé a chomhfhilí—i ndán go bhfuil *Timor mortis conturbat me* mar a bheadh clog an teampaill ag fógairt deireadh gach véarsa agus gach file díobh. Ní lucht gnímh iad nó más ea féin ní ar an ngníomh a dhéanfar iad a mheas. Mar atá ráite ag Helen Gardner:

> Who would bother to write the life of a young man who began his career as a medical student, gave up the medical profession for the profession of a writer, and died of tuberculosis at the age of twenty-six, if the literary works he produced in his short life were of no value?[3]

Keats an té sin, dar ndóigh, agus ós ag trácht thar an eitinn é cuimhním ar bheirt eile go bhféadfaí a leithéid chéanna a rá ina dtaobh: Kafka agus Ó Ríordáin gur mó gaol eile a bhí eatarthu chomh maith. Agus an té acu ba shia a mhair (Ó Ríordáin), is é ba lú gníomh díobh. Agus pé siúl a bheadh déanta ag éinne acu is é cúrsa na haigne is spéisiúla linn ar deireadh; cé go gcaitear é a leanúint nuair a théann sé tamall ón dtigh is fada linn go bhfilleann sé arís. Sin é, ní foláir, a bhí i gceist ag Peter Ustinov nuair a dúirt sé mar gheall ar a chara, Laurence Olivier: 'I kept wishing he would put on a false nose and be himself again';[4] níorbh ann dó le ceart ach le linn dó bheith ag aisteoireacht, is é sin le linn dó bheith ar ceal. Ní háil linn an duine ach i dteannta an tsaothair, ach is í an cheist an i dteannta a chéile a gheibhimid iad tar éis na póirseála go léir? An phóirseáil ba mheasa le Auden ach bhí an taobh eile air chomh maith mar scéal: an dream a bhain leis an saol, ón nginearál go dtí an striapach, bhain an saol leo agus níor mhiste iad a thagairt dá chéile. Aithnímid an duine thar an ngníomh agus seasaimid i leataoibh uathu araon. Ach an saothar liteartha is gnáthach go mbíonn páirt bheag nó mhór againn féin ann (más de réir an 'affective fallacy'[5] féin é) agus is deacair linn gan a mheas uaireanta nach rófhada ó chéile an phearsa agus an *persona* go bhfuilimid ag géilleadh di i gcás na filíochta abair. Sin é fáth an mhearathail, más mearathal é, agus is é fáth na póirseála chomh maith é, creidim. Fiú má fhanann an bheathaisnéis glan den saothar, táthar fós á chur in iúl go bhfuil baint acu le chéile; muna mbeadh ní scríobhfaí, nó níorbh fhiú a dhéanamh ba dhóigh leat. Nó an amhlaidh atá an nós chomh seanbhunaithe fén am so nach cuimhin linn cad é an réasún a bhí ar dtúis leis ach gach duine á leanúint ar a shlí féin? Má leantar go ródhlúth den saol tuigtear ná fuil ann ach scéal thairis; an t-údar mar 'údar' is é atá uainn agus ní hé cléireach na hoifige ná an fear meallta ban muna meallfadh sé isteach sa tsaothar iad. Sin é an fáth gur cháin Declan Kiberd beathaisnéisí áirithe le déanaí—toisc nár bhaineadar le hábhar, dar leis:

> Within the past few years, students of Irish literature have learned all about Shaw's philandering (Holroyd), O'Casey's secret affluence (Garry O'Connor), Wilde's syphilis (Ellman) and Beckett's boils (Bair). None of these latter four biographies concerns itself much with the sources of art. The methodology employed might have been as well applied to a footballer, a criminal or a senior civil servant.[6]

Ní maith an comhluadar iad, go deimhin. Tabhair fé ndeara go bhfuil an coirpeach sa liosta aige, mar atá ag Auden, mar shampla, ar an sórt duine go n-oireann an saghas so beathaisnéise thar barr dó; ach murab ionann agus Auden, is cosúil, cheadódh Kiberd an saghas eile gurb é a chúram, mar a deir sé, 'evoking the field of imaginative force out of which the miracle came'.[7] Fanfaidh an mhíorúilt ina míorúilt; níl ann ach go gceadaítear dúinn bheith i láthair; ní lúide ár n-iontas an cead agus an leabhar a thugann dúinn é. De réir na tuisceana so